



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

SCÉIM TEANGA

2014 – 2017

Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla

2003

Caibidil 1 Réamhfhocal agus Cúlra	4
1.1 Treoirínte chun Scéim a Ullmhú	4
1.2 Próiseas Comhairliúcháin	4
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	5
Caibidil 2 Forbhreathnú ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	5
2.1 An Institiúid.....	5
2.2 Ráiteas Misin Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	6
2.3 Custaiméirí agus Cliaint.....	6
2.4 Feidhmeanna agus Ranna Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.....	8
Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí agus Gníomhaíochtaí atá á gcur ar fáil trí Bhéarla nó go dátheangach faoi láthair	10
3.1 Seirbhísí atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair	10
3.2 Seirbhísí atá á dtairiscint go dátheangach faoi láthair	10
3.3 Seirbhísí atá á dtairiscint trí Bhéarla faoi láthair	11
Caibidil 4 Seirbhísí atá le tairiscint go dátheangach a chur chun cinn	11
4.1 Réamhfhocal	11
4.2 An Rúnaí/An Oifig Airgeadais	11
4.2.1 An Oifig Airgeadais	11
4.2.2 Acmhainní Daonna	12
4.2.3 Oifig na nEastát.....	12
4.3 An Clárlann.....	13
4.3.1 Seirbhísí Acadúla.....	13
4.3.2 Teicneolaíocht an Eolais	13
4.3.3 Seirbhísí do Mhic Léinn.....	13
4.3.4 An Leabharlann.....	14
4.3.5 An t-Ionad um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.....	14
4.4 An Oifig Taighde agus Nuálaíochta	14
4.4.1 An tAonad um Chaidreamh Tionsclaíoch	14
4.4.2 Taighde	15
4.4.3 Fiontar agus Cothú	15
4.5 Na Scoileanna.....	15
4.6 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	16
Caibidil 5 Gealltanais maidir leis an nGaeilge	16
5.1 Tosaíochtaí faoin chéad scéim.....	16
Caibidil 6 Cumas Teanga na hInstitiúide a fheabhsú	21
6.1 Cur i ngníomh na scéime	21
6.2 Earcú.....	21
6.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne.....	22

<i>Caibidil 7 Monatóireacht & Athbhreithniú</i>	23
<i>Caibidil 8 An Scéim Aontaithe a Fhógairt go Poiblí</i>	23

Caibidil 1 Réamhfhocal agus Cúlra

D'ullmhaigh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, (“dá ngairtear ‘an tAcht’ ina dhiaidh seo”). Forálann Alt 11 d’ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ag sonrú na seirbhísí atá fúthu a sholáthar

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Sa scéim leagtar amach na bearta atáthar chun glacadh leo lena dheimhniú go mbeidh aon tseirbhís nach bhfuil á cur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar fáil as Gaeilge laistigh de thréimhse aontaithe.

1.1 Treoirínte chun Scéim a Ullmhú

Forálann Alt 12 den Acht go n-ullmhóidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta treoirínte agus go n-eiseofar iad chuig comhlachtaí poiblí chun cabhrú leo chun dréacht-scéimeanna a ullmhú. Tá an scéim seo curtha le chéile de réir na dtreoirínte sin.

1.2 Próiseas Comhairliúcháin

Faoi Alt 13 den Acht, d’fhoilsigh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge fógraí inar cuireadh fáilte roimh pháirtithe ar suim leo an t-ábhar, uiríolla, aighneachtaí, moltaí nó tuairimí a chur isteach.

Leagann an scéim amach na spriocanna atá curtha roimpi ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus léiríonn sí na réimsí tosaíochta. Is ar Bhainistíocht Shinsearach na hInstitiúide a bheidh an fhreagracht maidir le monatóireacht agus athbhreithniú.

Tarraingíodh ar na haighneachtaí, tuairimí agus moltaí go léir a fuarthas ó na páirtithe leasmhara chun an scéim a ullmhú. Is mór ag an Institiúid an t-am agus an obair atá curtha isteach ag gach duine a bhí rannpháirteach sa phróiseas seo.

1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá éifeacht léi ón **06 Deireadh Fómhair 2014**. Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhníonn an tAire scéim nua de réir Ailt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 Forbhreathnú ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

2.1 An Institiúid

Is Institiúid Teicneolaíochta í Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge atá suite ar cheithre champas i bPort Láirge (Bóthar Chorcaí, Sráid an Choláiste, Foirgneamh na Teicneolaíochta Feidhmí agus i gCarraig an Óir). Faoi réir téarmaí Ailt 29 agus Ailt 30 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint) 1999, tá údarás tarmligthe faoi láthair ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann dá ngairtí Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oilíúna (CDAOO) roimhe seo, chun dámhachtainí a dhéanamh i gcláir mhúinte ar na leibhéil 6, 7 agus 8 maidir le gach réimse staidéir, ar an leibhéal 9 i bhformhór na réimsí agus ar leibhéal 10 i Scoil na hEolaíochta.

Tairgeann an Institiúid raon leathan clár staidéir sa Ghnó, san Innealtóireacht, san Eolaíocht, sna Daonnachtaí, san Óstánaíocht agus Lónadóireacht, san Oideachas agus i bhForbairt Ghairmiúil, agus in Altranas agus Eolaíochtaí na Sláinte. Bhí tuairim is 8,200 mac léinn lánaimseartha agus páirt-aimseartha ag freastal uirthi i 2013-2014 agus tá 743 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) fostaithe aici. Tríd an Aonad Tacaíochta atá aici, tacaíonn an Institiúid le taighde iarchéime chomh maith le mic léinn idirnáisiúnta. Tríd an Aonad Tacaíochta Taighde tugann an Institiúid tacaíocht do thaighdeoirí atá ag gabháil do thionscadail taighde mhaoinithe. Ina theannta sin tacaíonn an Institiúid, ar bhonn tráchtála, le nuálú, fiontar, taighde, comhairliú agus le forbairt réigiúnach.

Is í príomhfheidhm na hInstitiúide ná cláir ardchaighdeáin oideachais a chur ar fáil dá cuid scoláirí trí mheán an Bhéarla (agus trí mheán na Gaeilge i gcásanna ar leith, agus de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh).

2.2 Ráiteas Misin Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Cuirfidh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge barr feabhais i bhfeidhm i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus taighde, laistigh de thimpeallacht atá dírithe ar an mac léinn, chun céimithe le gradam a chothú, daoine atá réidh chun ról cinnireachta a ghlacadh sa ghnó, sna gairmeacha, sa tionscal, sa tseirbhís phoiblí agus sa tsochaí. Déanfaidh an Institiúid a cúlchríoch a bhainistiú mar Réigiún Foghlama trí ghiniúint eolais agus aistriú eolais a chumasú agus tá sí tiomanta don fhorbairt oideachasúil sa réigiún ar bhealach a léireoidh na gnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann. Cuirfidh an Institiúid leis an bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha i réigiúin an Oirdheiscirt agus níos faide ar shiúl.

2.3 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad na mic léinn na príomhchustaiméirí atá ag an Institiúid agus is chucu siúd atá an dualgas cúraim is mó atá uirthi. Bímid ag gníomhú freisin le forais agus le comhlachtaí oideachais eile agus leis an ngnáthphobal. Is é seo a leanas an bonn lárnach de chliaint agus de chustaiméirí:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An tÚdarás um Ardoideachais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- Institiúid Innealtóirí na hÉireann
- TEAGASC
- Institiúidí Teicneolaíochta eile
- Forais Ardoideachais eile
- Scoileanna Dara Leibhéal

- Boird Oideachais agus Oiliúna (Coistí Gairmoideachais roimhe seo)
- Údaráis Áitiúla
- An tÚdarás um Fhorbairt Tionsclaíochta
- Fáilte Éireann
- Comhlachas Tráchtála & Tionscail Phort Láirge
- Na Ceardchumann
- Cónaidhm Gnó & Fostóirí Éireann
- Fiontraíocht Éireann
- SOLAS (FÁS roimhe seo)
- An Chomhairle Oidhreachta
- Turasóireacht an Oirdheiscirt
- Coláiste Talmhaíochta Chill Daltúin

2.4 Feidhmeanna agus Ranna Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Feidhm	Roinn
Uachtarán	Oifig an Uachtaráin Pleanáil Straitéiseach
Rúnaí/Oifig Airgeadais	Airgeadas Acmhainní Daonna Rúnaíocht an Bhoird Rialaithe Oifig Tograí Caipitil Oifig na nEastát
Clárann	Riarachán Acadúil & Gnóthaí Scoláirí Seirbhísí Ríomhaireachta Saol agus Foghlaim na Mac Léinn Cur chun Cinn Cáilíochta Margaíocht agus Cumarsáid Seirbhísí Oideachais Leabharlann
Taighde agus Nuálaíocht	Tacaíocht Taighde Seirbhísí Tionsclaíochta agus Aistriú Teicneolaíochta Staidéar Iarchéime Tograí Straitéiseacha & Bainisteoir na gComhaontas.
Scoileanna	Ranna
An Scoil Ghnó	An Roinn Cuntasaíochta & Eacnamaíochta An Roinn Bainistíochta & Eagraithe An Roinn Staidéar Gnó Iarchéime
An Scoil Foghlama agus Oideachais ar feadh an tSaoil	An Roinn Oideachais Aosaigh agus Oideachais Leanúnaigh An Roinn Oideachas Cáilíochta agus Foghlama ar feadh an tSaoil Ionad Forbartha Litearthachta

	An tIonad um Foghlaim le cuidiú Teicneolaíochta
Scoil na hInnealtóireachta	An Roinn Ailtireachta An Roinn Teicneolaíocht Innealtóireachta An Roinn Foirgníochta agus Innealtóireachta Sibhialta An Roinn Staidéar Trádála
Scoil na nEolaíochtaí Sláinte	An Roinn Altranais An Roinn Staidéar Sláinte, Spóirt agus Aclaíochta
Scoil na nDaonnachtaí	Roinn na nEalaíon Feidhmeach Roinn na nEalaíon Cruthaitheach agus na dTaibh-ealaíon Roinn na dTeangacha, na Turasóireachta agus an Fháilteachais
Scoil na hEolaíochta	An Roinn Ríomhaireachta, Matamaitice agus Fisice Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Beatha An Oifig Idirnáisiúnta

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí agus Gníomhaíochtaí atá á gcur ar fáil trí Bhéarla nó go dátheangach faoi láthair

Is é príomhfheidhm Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ná cláir oideachais den scoth a chur ar fáil. Is é príomhfheidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ná a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde acu.

3.1 Seirbhísí atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

An tArd-Diplóma i Léiriú Teilifíse (i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Nemeton Teo.) á chur ar fáil ó 2006.

Cuirtear modúil ar fáil do mhic léinn lánaimseartha mar chuid den Bhaitsiléir sna Dáin (Onóracha) ó Mheán Fómhair 2009; Ina theannta sin chuaigh mic léinn síceolaíochta agus mic léinn ailtireachta i mbun na modúil seo mar ábhar toghthach.

Cuirtear Baitsiléir Gnó le Gaeilge ar fáil ó Mheán Fómhair 2010. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh le modúil as Gaeilge a thairiscint agus tá súil againn níos mó a chur ar fáil as Gaeilge mar mhodúil thoghthacha de réir mar a thagann an deis chun cinn mar chuid d'Athbhreithnithe Cláir i ngach ceann de na scoileanna.

Cuirtear ranganna Gaeilge ag 3 leibhéal ar fáil saor in aisce do bhaill foirne ag am lóin;

Cuirtear an Ghaeilge chun cinn san Institiúid trí chiorcail chomhrá, imeachtaí cultúrtha agus sóisialta le linn na bliana (go háirithe le linn Seachtain na Gaeilge) agus trí thurasanna eagraithe don bhfoireann agus do mhic léinn ar Ghaeltacht na Rinne.

Tá Bord na Gaeilge curtha ar bun ag an Institiúid chun an Ghaeilge a chur chun cinn inti agus chun na naisc le Gaeltacht na Rinne a neartú.

3.2 Seirbhísí atá á dtairiscint go dátheangach faoi láthair

Tá ar chumas na Leabharlainne cuid dá seirbhísí cuntair a chur ar fáil san dá theanga (ag brath ar an bhfoireann a bheith ar fáil) agus ina theannta sin tá taispeántais Ghaeilge aici ag na príomh amanna le linn na bliana (m.sh. Seachtain na Gaeilge).

3.3 Seirbhísí atá á dtairiscint trí Bhéarla faoi láthair

Cuirtear gach seirbhís eile ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin.

Caibidil 4 Seirbhísí atá le tairiscint go dátheangach a chur chun cinn

4.1 Réamhfhocal

Sa chaibidil seo leagtar amach an scéal i ndáil le soláthar seirbhíse/gníomhú seachtrach idir na Ranna agus na Feidhmeanna laistigh den Institiúid agus leis an bpobal lasmuigh. Tugtar breacchuntas ar na bearta atáthar chun glacadh chun an tAcht a chomhlíonadh agus luaitear na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta faoin scéim seo.

4.2 An Rúnaí/An Oifig Airgeadais

4.2.1 An Oifig Airgeadais

Tá de chúram ar an Oifig Airgeadais gach rud a sholáthar agus íoc as. Dá thoradh sin is í a dhéanann conarthaí a fhógairt, doiciméid tairisceana a chur le chéile, sonraisc agus tuarastail a íoc, na cuntais bhliantúla a ullmhú. Cinnteoidh an Oifig Airgeadais go;

- a. Bhoilseofar gach foilseachán tuarascála mar aon le Ráitis Airgeadais as Gaeilge agus as Béarla sa chlúdach céanna.
- b. nGlacfaidh sí uirthi 33% d'fhoirmeacha caighdeánacha agus cumarsáidí a chur ar fáil as Gaeilge agus as Béarla roimh dheireadh 2014.

De bharr nádúir theicniúil doiciméid tairisceana ní fhoilseofar iad ach i mBéarla amháin.

4.2.2 Acmhainní Daonna

Tá an roinn seo freagrach as folúntais foirne a fhógairt, as foirmeacha iarratais agus sonraí faoi phoist a tháirgeadh agus as agallaimh a shocrú. Tá siad freagrach as leas agus disciplín na foirne freisin.

- a. Nuair a iarrtar foirmeacha iarratais i nGaeilge cuirfear ar fáil iad go dátheangach. Níl na hacmhainní aici le linn na scéime seo na sonraí poist a chur ar fáil trí Ghaeilge, áfach, ach amháin i gcásanna ar leith (i gcomhair léachtóirí Gaeilge, mar shampla) ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach. Cuirfear sonraí poist eile ar fáil as Gaeilge i scéim amach anseo.
- b. I scéimeanna amach anseo tairgeofar agallaimh i nGaeilge ar iarraidh má thugann an t-agalláí fógra roimh ré maidir lena rogha teanga.
- c. Comhlíonfaidh nósanna imeachta Acmhainní Daonna, faoi réir creat nósanna imeachta eacraíochta náisiúnta, cuspóirí na scéime trí bheartais chuí maidir le hearcaíocht, socrú inmheánach agus athlonnaithe a bhunú thar thréimhse na scéime agus thar scéimeanna amach anseo. Beidh sí i dteagmháil leis an aonad forbartha foirne maidir leis na cuspóirí a chomhlíonadh.
- d. Leanfaidh an t-aonad forbartha foirne air ag cur ar fáil ranganna Gaeilge don bhfoireann agus tabharfar éascaíocht do bhaill foirne na bpríomhréimsí freastal orthu agus spreagfar iad chun déanamh amhlaidh.

4.2.3 Oifig na nEastát

Tá Oifig na nEastát freagrach as comharthaíocht i measc rudaí eile.

- Tá gach comharthaíocht nua dátheangach agus leanfaidh Oifig na nEastát uirthi seanchomharthaí a uasghrádú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Institiúid riachtanais na rialachán.

4.3 An Chlárlann

4.3.1 Seirbhísí Acadúla

Tá an Chlárlann freagrach as earcú, clárú agus measúnú na mac léinn. Chuige seo fógraíonn sí cúrsaí, eagraíonn sí cuairteanna scoile agus déanann sé an Réamheolaire.

Faoi dheireadh na céad scéime beidh 50% den doiciméadú tacaíochta maidir le clárú agus scrúduithe dátheangach, sa mhéid is atá sé faoi smacht na hInstitiúide. Beidh sí dátheangach ina iomláine roimh dheireadh na céad scéime eile.

4.3.2 Teicneolaíocht an Eolais

Faoi dheireadh na scéime

cuirfear seirbhísí tacaíochta idirghníomhacha ríomhaire agus na córais ar fáil go dátheangach ar bhonn céimneach:

de réir mar a chuirtear seirbhísí nua isteach

de réir mar a dhéantar seansheirbhísí a uasghrádú.

4.3.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

Cuireann an Oifig um Shaol agus um Fhoghlaim na Mac Léinn raon leathan de sheirbhísí ar fáil:

An Oifig Rochtana, An Oifig Choinneála, An Oifig um Thacaíocht Ghinearálta do Mhic léinn, Seirbhís Chomhairleoireachta, an tAltra agus Seirbhís Cothú Sláinte, Seirbhís Gairmeacha, An Oifig do dhaoine faoi mhíchumas, An tSeirbhís Réigiúnda um Threoir san Oideachas Aosach.

Tá seirbhís shéiplíneachta ar fáil chomh maith.

- Déarfar paidir amháin san Aifreann as Gaeilge.

4.3.4 An Leabharlann

Seo ceann de na limistéir tosaíochta chun seirbhísí dátheangacha a fhorbairt do na mhic léinn agus don bhfoireann.

- Ar dtús beidh bileoga eolais dátheangacha ar fáil agus faoi dheireadh na scéime beidh ball den bhfoireann ar fáil chun seirbhís Ghaeilge duine le duine a sholáthar ag tráthanna réamhcheaptha (scaipthe ar fud na seachtaine). Cuirfear é seo in iúl d'úsáideoirí.

4.3.5 An tIonad um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

- Tá pacáiste Gaeilge curtha isteach ag an Ionad ar Moodle agus tá fóraithe aige go bhfuil sé ag obair i gceart. Lena chois sin tá treoracha tugtha aige d'úsáideoirí chun a gcuid roghanna teanga a athrú <http://elearning.wit.ie/support/view/how-can-i-change-the-settings-for-the-preferred-language-to-irish#.U4MyEVhdV1Q>
- Féadann úsáideoirí a rogha teanga a athrú ina bpróifílí i Moodle chun roghláir éagsúla agus eolas breise a fháil ar an gcóras as Gaeilge
- Taispeánfar comhaid, acmhainní, ábhair a chuirfear le Moodle i dteanga an doiciméid i gcónaí.

Leanfaidh an tIonad air ag déanamh forbartha agus monatóireachta ar na seirbhísí.

4.4 An Oifig Taighde agus Nuálaíochta

4.4.1 An tAonad um Chaidreamh Tionsclaíoch

Tacaíonn an tAonad Tionsclaíoch le hoiliúint, comhairleacht, aistriú teicneolaíochta agus le forbairt pobail i ndáil leis an Tionscal agus Gnó. Bíonn siad i dteagmháil le gníomhaireachtaí forbartha, eagrais trádála agus ghairmiúla agus le grúpaí ionadaíochta eile dá sórt.

- Má bhíonn éileamh ar sheirbhís oiliúna nó chomhairleachta as Gaeilge, cuirfear baill den bhfoireann a bhfuil Gaeilge aige/aici i mbun na hoibre sin.

4.4.2 Taighde

Déanann an tAonad Taighde faisnéis maidir le chlár taighde a scaipeadh. Tacaíonn siad le tograí taighde, le hearcú taighdeoirí agus ina theannta sin bainistíonn siad tosú, dul chun chinn agus críochnú na gclár oibre agus déanann monatóireacht orthu.

Tacaíonn an tAonad le neartú cumas taighde.

- Dá mba rud é go raibh an Ghaeilge mar ghné inmholta i gcomhair tionscadal taighde áirithe, luafaí an Ghaeilge mar riachtanas le linn do thaighdeoirí a bheith á n-earcú, laistigh de chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta atá comhaontaithe.

4.4.3 Fiontar agus Cothú

Déanann an tAonad Fiontair agus Cothaithe Fiontair an fhiontraíocht a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud na hInstitiúide go léir. Eagraíonn sé clár um Fhorbairt Fiontraíochta agus bainistíonn sé próiseas cothaithe nó 'gor' na fiontraíochta.

4.5 Na Scoileanna

Is iad na scoileanna agus lárionaid eile ar an gcampas atá i mbun gníomhaíocht lárnach na hInstitiúide. Soláthraítear cúrsaí faoi struchtúr ranna agus ionaid i réimse leathan disciplíní faoi cheanteidil leathan-aicmeacha mar Eolaíocht, Innealtóireacht, Gnó, Daonnachtaí, Oideachas, Forbairt Ghairmiúil agus Eolaíocht na Sláinte

Bíonn formhór na gclár staidéir trí mheán an Bhéarla. Faoi láthair tairgtear an cúrsa lánaimseartha 'An tArd-Diplóma i Léiriú Teilifíse' (i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Nemeton Teo) trí Ghaeilge. Ina theannta sin tairgtear modúil ar an gclár Baitsiléara (Onóracha) i Scoil na nDaonnachtaí ó 2009, modúil a thairgtear mar mhodúil thoghthacha leis, do mhic léinn na Síceolaíochta agus do mhic léinn i roinn na hAiltireachta. Tá fáilte roimh mhic léinn tabhairt faoi Chéim Bhaitiléara Ghnó le Gaeilge, leis. Beifear ag faire ar an scéal ó bhliain go chéile agus cuirfear cúrsaí ar fáil de réir an éilimh agus ag brath ar an maoiniú a bheith ar fáil chun cúrsaí a fhorbairt (féach freisin 4.1).

- Cuirfear tús le próiseas chun a dheimhniú go mbeidh tacaíocht béil 'duine le duine' le fáil trí oifigí na scoileanna i gcaitheamh na céad scéime ach ní chuirfear é seo i gcrích go hiomlán go dtí go mbeidh na scéimeanna a thiocfaidh ina diaidh i bhfeidhm. Cuirfear an próiseas seo chun cinn trí bheartas cuí athchóirithe fostaíochta agus earcaíochta.

4.6 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tacaíonn an Oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach le cuspóir na hInstitiúide chun a dheimhniú go mbíonn gach deis ag an bhfoireann na scileanna agus an saineolas ceart a fháil chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus a n-acmhainn iomlán a baint amach.

Le cúig bliana anuas tá ranganna Gaeilge ar fáil ag leibhéal éagsúla do gach ball foirne (acadúil, riaracháin agus tacaíochta) agus ghlac cuid mhaith díobh leo. Leanfaidh an Oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach uirthi ag cur ar fáil deiseanna don bhfoireann a gcumas Gaeilge a fheabhsú. Chomh maith leis sin cuirfear cúrsaí traenála speisialta ar fáil do bhaill foirne in áiteanna lánacha san Institiúid.

Caibidil 5 Gealltanais maidir leis an nGaeilge

5.1 Tosaíochtaí faoin chéad scéim

De bhreis ar na sainbhearta atá luaite faoi gach roinn (i gcaibidil 4) gabhann Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge uirthi gach ceann de na gealltanais seo a leanas a chur i ngníomh. Mura ndeirtear a mhalairt beidh gach gealltanais i bhfeidhm ó thús na scéime.

1. Eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne (faoi dheireadh na scéime seo), go dátheangach, trí na bealaí seo a leanas:
 - a. **Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais agus Bileoga Eolais:-** Foilseofar iad seo go léir sa dá theanga. Beidh a bhformhór faoi chlúdach amháin ach d'fhéadfadh go bhfoilseofaí cinn mhóra go neamhspleách ar a chéile. I gcás Réamheolaire na

- hInstitiúide beidh an chéad alt i mBéarla agus i nGaeilge. Beidh sonraí na gcúrsaí eile sa teanga ina dtugtar na cúrsaí sin. Beidh na bróisiúir atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta i mBéarla amháin. Déanfar tuarascálacha comhairleacha agus tuarascálacha teicneolaíoch a tiomnaithe a fhoilsiú sa teanga inar cuireadh i láthair iad i gcéadair.
- b. **Foilseacháin eile de chuid na Institiúide:** I gcaitheamh scéime cuirfidh an Institiúid an méid seo a leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla: comharthaí, doiciméid faisnéise inmheánacha, foilseacháin inmheánacha nó lámhleabhair a bhaineann le cúrsaí áirithe.
- c. **Seirbhísí Deasc Fáiltithe:** Faoi dheireadh céad bhliain na scéime beidh oiliúint faighte ag baill foirne sna limistéir fháiltithe ainm na hInstitiúide agus nathanna fáiltithe bunúsacha a rá as Gaeilge. Ina theannta sin beidh ainmneacha baill foirne acu ar féidir teagmháil a dhéanamh leo má tá ceist ag ball den bpobal i nGaeilge. Beidh ar chumas an bhaill foirne seo déileáil láithreach bonn le ceistanna a d'fhéadfadh a bheith ag duine.
- d. **Fógraí Teileafóin:** Tá sé mar bheartas ag an Institiúid a chinntiú go mbeidh gach fógra réamh-thaifeadta as Gaeilge agus as Béarla de réir na rialachán. Chuige seo tá cúrsa eagraithe don bhfoireann le linn seachtain na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus cuirtear ar fáil é uair sa tseachtain d'fhoireann an lasc-chláir. Cinnteoidh an Institiúid go mbeidh ar chumas oibreoir an lasc-chláir ainm Gaeilge agus ainm Béarla na hInstitiúide a úsáid agus go dtuigfidh sé/sí beannú bunúsach Gaeilge faoi dheireadh céad bhliain na scéime. Cuirfear oiliúint ar fáil chun go gcuirfear glaonna as Gaeilge ar aghaidh chuig duine éigin a bhfuil ar a chumas déileáil leo as Gaeilge
- e. **Preaseisiúintí Corparáideacha:** Cuirfear gach preaseisiúint a bhaineann le hobair na hInstitiúide sa Ghaeltacht agus/nó le cúrsaí Gaeilge amach i nGaeilge nó san dá theanga ag an am céanna. Más féidir eiseofar preaseisiúintí eile i nGaeilge. Foilseofar óráidí nó ráitis sa teanga inar tugadh iad. De bhrí go n-oibríonn an Institiúid i limistéar le Gaeltacht agus roinnt Gaelscoileanna, tabharfar tosaíocht chuí don Ghaeilge ag mórócáidí mar shearmanais bronnta céimeanna sa mhéid go dtabharfar na príomhchainteanna i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla, m. sh. aitheasc an Uachtaráin, óráidí le ball den Bhord Rialaithe nó le daoine eile, m. sh. Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Ar ndóigh, tá seo ar choinníoll go bhfuil daoine nach bhfuil fostaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge sásta agus ábalta é seo a dhéanamh.

- f. **Eolas ginearálta ar an suíomh idirlín.** Cuirfear eolas ginearálta faoin Institiúid ar fáil trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla ach amháin na naisc seo a leanas. Is i mBéarla amháin a chuirfear ar fáil iad:

Naisc don phobal idirnáisiúnta,
Naisc a bhfuil nádúr teicniúil acu nó naisc a bhaineann saineolais
Cláir staidéir ar líne (ach amháin An Ghaeilge)
Naisc chuig cláir nua (ach amháin An Ghaeilge)

2. **Beartas maidir le cruinnithe poiblí.** Ní bhíonn cruinnithe poiblí ag an Institiúid sa Ghaeltacht agus bíonn gach cruinniú poiblí as Béarla. Déanfaimid gach iarracht áfach, príomhócáidí (m. sh. bronnadh na gcéimeanna) a reáchtáil trí Ghaeilge agus Béarla.
3. **Logainmneacha Gaeltachta.** Úsáidfidh an Institiúid, chun críche oifigiúla, Logainmneacha oifigiúla na Gaeltachta [de réir ráitis an Aire, An tOrdú, Logainmneacha (Ceantair Gaeltachta) 2004].
4. Bunófar grúpa oibre chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéim seo agus chun an chéad scéim eile a ullmhú;
5. Suirbhé a dhéanamh le foireann na hInstitiúide chun measúnú a dhéanamh ar an méid daoine a bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil;
6. Tuiscint na foirne ar an scéim a ardú trí ionduchtú agus trí chumarsáid rialta;
7. Leanúint ar ranganna Gaeilge a chur ar fáil d'fhoireann na hInstitiúide;

8. Cláir oiliúna ar leith a chumadh agus a thairiscint chun freastal ar riachtanais na foirne sa líne tosaigh;
9. An Ghaeilge a chur ar fáil mar ábhar toghthach do mhic léinn i gcúrsaí nach bhfuil sí á tairiscint faoi láthair;
10. An doiciméadú seo a leanas a chur ar fáil trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge:
 - Foirmeacha caighdeánacha in Oifig an Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
 - Doiciméadú a bhaineann le clárúchán agus le Tacaíocht Scrúdaithe
 - Bileoga eolais in Oifig Saol agus Foghlaim na Mac léinn
11. Seirbhísí do mhic léinn a fhorbairt trí dhoiciméadú dátheangach agus seirbhísí duine le duine a chur ar fáil do lucht úsáide na leabharlainne (ó dheireadh bliain 1 na scéime ar aghaidh).
12. Seirbhísí do mhic léinn a fhorbairt tríd an lámhleabhar eolais Saol agus Foghlaim na Mac léinn agus an bhileog eolais ghinearálta a chur ar fáil san dá theanga (ó dheireadh bliain 1 na scéime ar aghaidh).
13. Seirbhís eolais, duine le duine, a chur ar fáil trí Ghaeilge in Oifig Saol agus um Foghlaim na Mac Léinn. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil ag an deasc fáiltithe ach ní bheidh sí san áireamh mar chuid de gach seirbhís ar leith a thugann an oifig. Beidh sé seo ag brath ar oibrí deonach a bheith toilteanach an tseirbhís a chur ar fáil agus an traenáil chuí a dhéanamh roimh ré (faoi dheireadh na scéime).
14. Scéimeanna cuí ath-implonaithe a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh sé ar chumas na hInstitiúide na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil.

15. Agallaimh chun baill foirne a earcú a chur ar siúl trí mheán na Gaeilge má chuireann iarrthóir in iúl gurbh fhearr leis/léi é sin.

16. Déanfar cinnte go nglacfaidh ríomhairí na hInstitiúide leis an nGaeilge agus gur féidir í a thaispeáint agus a phriontáil amach i gceart. Beidh Moodle, Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na hInstitiúide, réidh chun éascaíocht a dhéanamh do mhúineadh as Béarla agus as Gaeilge (faoi dheireadh na scéime).

Caibidil 6 Cumas Teanga na hInstitiúide a fheabhsú

6.1 Cur i ngníomh na scéime

Tá spéis i bhfoghlaím agus in úsáid na Gaeilge tar éis méadú le roinnt blianta anuas. Tá a ndóthain Gaeilge ag líon áirithe d'fhoireann na hInstitiúide chun an scéim seo a chur i bhfeidhm go gníomhach. Aithneofar baill den bhfoireann ar suim leo an Ghaeilge agus beidh siad ag obair le Bord na Gaeilge chun a chinntiú go n-éireoidh le cur i ngníomh na scéime. Ag tús na scéime seo beidh orainn aistriúchán na ndoiciméad cuí (Tuarascáil Bhliantúil, bróisiúir, srl.) a fháil ar chonradh ón dtaobh amuigh.

6.2 Earcú

Beidh an t-earcú isteach san Institiúid faoi thionchar ag riachtanais na hInstitiúide chun freastal ar a hoibleagáidí faoin Acht, go háirithe i limistéir lárnacha mar rúnaíocht, fáiltiú agus cásanna speisialta (e.g. léachtóireacht i Gaeilge) nuair atá an Ghaeilge mar ábhar riachtanach. Cuirfidh an tAonad um Acmhainní Daonna na bearta seo a leanas i bhfeidhm ionas go mbeidh a dhóthain daoine le Gaeilge á n-earcú agus á gcoimeád san Institiúid chun freastal ar an éileamh atá ann:

- a. Mar chuid dá beartas earcaíochta déanfaidh an Institiúid, faoi réir éilimh agus laistigh de chreat na nósanna imeachta earcaíochta comhaontaithe agus den Chreat Rialaithe Earcaíochta, comórtais chun foireann a earcú a oibreoidh trí Ghaeilge a fhógairt go poiblí nuair nach bhfuil daoine oiriúnacha ar fáil trí chomórtais ghnáthiontrála.
- b. Cuirfear socrúcháin baill foirne a bhfuil an cumas teanga seo acu i ngníomh go cuí ar fud na hInstitiúide de réir mar a bhíonn éileamh ann. Leis an mbeartas seo is fearr a chuirfear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil. Chun an méid seo a chomhlánú tabharfar rogha do bhaill den bhfoireann ar bheagán Gaeilge ath-implonú ar fud rannóga éagsúla na hInstitiúide chun tacú leis na gealltanais atá sonraithe sa scéim seo.

- c. Cuirfear na deiseanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge in iúl do gach earcach nua a thagann isteach.

6.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá gealltanais leanúnach ag an Institiúid oiliúint chuí agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil don bhfoireann go léir tríd an oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (féach 4.6). Beidh an Oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus an Oifig Acmhainní Daonna ag obair as lámh a chéile le Bord na Gaeilge chun:

- a. Oibrithe deonacha a lorg ar fud na hInstitiúide a sholáthróidh seirbhísí agus a chabhróidh le feidhmiú na scéime agus chun acmhainní a sholáthar do na baill foirne sin (e.g. foclóirí Gaeilge, acmhainní ar líne);
- b. Na roghanna oiliúna is spéis le daoine agus sainriachtanais atá acu a phlé le baill den bhfoireann ar suim leo é agus plean forbartha a bhunú chun gealltanais na scéime a chur i ngníomh;
- c. Cúrsaí breise in-tí a fhorbairt agus a dhearadh ag leibhéal difriúla na Gaeilge. Beidh an bhéim ar scileanna labhartha agus éisteachta agus déanfar cúram de scríobh na Gaeilge más gá. Cuirfear na cúrsaí in oiriúint don áit oibre leis an mbéim, mar shampla, ar théarmaí riaracháin. Leanfar leis na ranganna Gaeilge ag am lóin;
- d. Breithniú ar chúrsaí in-tí a chur ar bun (e.g. le haghaidh an ionaid fáiltithe agus feidhmeanna tiomnaithe eile) i gcomhar le dreamanna eile mar FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) agus Boird Oideachais agus Oiliúna srl.;
- e. Feasacht teanga a mhéadú trasna na hInstitiúide trína thaispeáint ar gach campas, ar scáileáin plasma, ar chláir na bhfógraí & srl, agus tríd an bhfoireann agus na mic léinn a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gciorcail chomhrá;
- f. Feasacht teanga agus feasacht ar scéim teanga na hInstitiúide a chur san áireamh mar chuid den ionduchtú do bhaill foirne nua;
- g. Creidiúnú a chur ar fáil de réir mar is iomchuí do na cúrsaí a dhéantar.

Caibidil 7 Monatóireacht & Athbhreithniú

Déanfaidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearach san Institiúid oibriú éifeachtach na scéime a choinneáil faoi athbhreithniú. Tabharfar cuntas ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil. Don chuid is mó, déanfaidh na Cinn Roinne an mhonatóireacht ó lá go lá. Is iad atá freagrach as feidhmiú na scéime sna limistéir faoina gcúram. Tuairiscíonn siad go rialta chuig Ceann a Scoile/ Ceann a bhFeidhme. Is iad na Cinn Roinne a bhíonn i dteagmháil le Bord na Gaeilge.

Caibidil 8 An Scéim Aontaithe a Fhógairt go Poiblí

Déanfar a bhfuil sa scéim seo maille le gealltanais agus forálacha na scéime a fhoilsiú don phobal mór trí na meáin seo a leanas:

- Preaseisiúint;
- Seoladh Oifigiúil na scéime;
- Na Forálacha a fhógairt;
- Na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí ábhartha a chur ar an eolas;
- Láithreán Gréasáin.

Is é leagan Béarla na scéime seo an leagan oifigiúil.